Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2018**
**(OR. en)**

**11240/18**

**COJUR 12**
**COPS 271**
**CONUN 188**
**COAFR 191**
**JUR 372**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10884/18 COJUR 11 COPS 260 CONUN 169 COAFR 181 JUR 347 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta anois agus é 20 bliain ó glacadh Reacht na Róimhe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta anois agus é 20 bliain ó glacadh Reacht na Róimhe.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
## MAIDIR LEIS AN gCÚIRT CHOIRIÚIL IDIRNÁISIÚNTA ANOIS AGUS É 20 BLIAIN Ó GLACADH REACHT NA RÓIMHE

1. Ar chomóradh 20 bliain, ar an 17 Iúil 2018, ó glacadh Reacht na Róimhe, is díol mór sásaimh don Chomhairle a bhfuil bainte amach i réimse an cheartais choiriúil idirnáisiúnta le scór bliain anuas agus leagann sí béim ar an rannchuidiú luachmhar ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta leis an gcomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós. Tráth a bhfuil brú níos mó ar ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha, tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh an córas dlí choiriúil a neartú.

2. Cuireann an Chomhairle i dtreis, agus an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh freisin, a thábhachtaí atá ord roinnte domhanda atá bunaithe ar rialacha, ag a mbeidh an t-iltaobhachas ina phrionsabal lárnach agus a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus athdheimhníonn sí tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais Eorpaigh don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus go bhfuil sí tiomanta athnuachan ar a cuid iarrachtaí uilíocht Reacht na Róimhe a chur chun cinn agus a shláine a chaomhnú.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh dlínse na Cúirte a ghníomhachtú le comhthoil ó thaobh choir an ionsaithe amhail ón 17 Iúil 2018, lena gcuirtear bailchríoch ar an iarmhairt ó thrialacha Nuremburg agus ó chomhdhálacha na Róimhe agus Kampala in 1998 agus in 2010.

4. Tá an tAontas Eorpach ag tacú leis an gCúirt ón uair a cruthaíodh í agus bhain sé úsáid as na hionstraimí atá aige chun cabhrú le leibhéal tacaíochta ar son na Cúirte a mhéadú. Agus í ina chéad agus an t-aon chúirt bhuan choiriúil idirnáisiúnta ar domhan chun an choireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, léiríonn an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta rún an chomhphobail idirnáisiúnta deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós ar na coireanna is gránna agus cultúr cuntasachta a chothú.

5. Tá go leor cur chun cinn stairiúil déanta ag an gCúirt ar son na ndaoine sna staideanna is leochailí agus is soghonta amuigh a chosaint, lena n-áirítear breithiúnais chinniúnacha a thabhairt maidir le foréigean gnéasach, le leanbhshaighdiúirí a earcú agus le maoin chultúrtha a scriosadh. Leagann an Chomhairle béim ar ról tábhachtach na Cúirte a gcearta a áirithiú d'íospartaigh coireanna gránna, guth a thabhairt dóibh trí rannpháirtíocht a éascú dóibh ina chuid imeachtaí, cúnamh a thabhairt dóibh agus cúiteamh a dhámhachtain. Tá cabhair tugtha ag Ciste Iontaobhais um Íospartaigh na Cúirte do na mílte íospartach dá n-athshlánú fisiciúil agus síceolaíocha agus tacaíocht ábhartha. Molann an Chomhairle do na Stáit is Páirtithe agus do dhreamanna eile leanúint dá dtacaíocht a thabhairt don Chiste Iontaobhais um Íospartaigh.

6. Molann an Chomhairle go ndéanfaí dearcadh agus anailís inscne a chomhtháthú i ngach gné dá cuid oibre agus tugann sí dá haire le meas obair na Cúirte i ndáil leis an méid sin. Leagann an tAontas Eorpach béim ar a thábhachtaí atá ionadaíocht chothrom inscne agus gheografach i measc breithiúna, ionchúisitheoirí, abhcóidí, oifigeach agus baill foirne eile ag an gCúirt, mar aon le hionadaíocht ar phríomhchórais dlí an domhain.

7. Meabhraíonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta i ndáil le bunú agus feidhmiú na Cúirte agus i ndáil le tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh, agus gabhann sí uirthi spás na sochaí sibhialta a chosaint agus freagairt do bhagairtí ar chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear trí neart a chur leis an tacaíocht airgeadais do chosantóirí túslíne chearta an duine.

8. Is oth leis an Aontas Eorpach gur tharraing an Bhurúin siar as Reacht na Róimhe agus an fógra ó na hOileáin Fhilipíneacha maidir le tarraingt siar. Iarrann sé ar na rialtais faoi seach athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid cinntí. Sa bhreis air sin, tathantaíonn an tAontas ar na stáit nach bhfuil Reacht na Róimhe daingnithe acu, go háirithe na tíortha is iarrthóirí, é a dhaingniú. Iarrann sé ar na Stáit is Páirtithe, tar éis dóibh breithniú a dhéanamh ar a gcúinsí náisiúnta, a mheas an ndéanfaidh siad na leasuithe ar Reacht na Róimhe a dhaingniú nó a ghlacadh.

9. Is é tuairim na Comhairle gur cheart aghaidh a thabhairt ar aon ábhar imní ag na Stáit is Páirtithe maidir le Reacht na Róimhe agus iad a phlé sna fóraim iomchuí agus molann sí do na Stáit lena mbaineann páirt a ghlacadh i gcomhphléití cuiditheacha agus obair a dhéanamh i dtreo réitigh comhthairbheacha a bhaint amach. Molann sí do na Stáit is Páirtithe cloí le prionsabail na haontachta, an chomhair, an chomhordaithe agus na comhlántachta i bhfianaise na spriocanna comhchoiteanna na buntáistí fadtéarmacha a bhaint amach don cheartas idirnáisiúnta agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht níos mó a bhaint amach i ngníomhaíochtaí na Cúirte. Tá an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát réidh le héisteacht go cúramach agus le dul i mbun idirphlé cuiditheach maidir leis na buarthaí atá curtha in iúl ag roinnt Stát, chomh fada is nach mbeidh príomhphrionsabail Reacht na Róimhe á gceistiú. Is deis den scoth é comóradh 20 bliain Reacht na Róimhe chun an méid sin a bhaint amach ar bhealach ionraic, ag breithniú ar an méid atá bainte amach, agus plé a dhéanamh ar an mbealach atá romhainn.

10. Is den fhíor-riachtanas é go mbeadh comhar iomlán ann idir na Stáit is Páirtithe agus an Chúirt má tá an Chúirt chun a sainordú a chomhlíonadh go héifeachtach. Go háirithe, ar cheann de na príomhoibleagáidí chun comhoibriú leis an gCúirt, tá barántais ghabhála a chur i gcrích go pras. Tá an tAontas Eorpach tiomanta don chomhar leis an gCúirt a chur chun cinn trína treoirlínte maidir le neamh-chomhoibriú, lena n-áirítear maidir le forghníomhú na mbarántas sin atá fós gan réiteach, a chur chun feidhme go comhsheasmhach. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit is Páirtithe uile cloí go hiomlán lena gcuid oibleagáidí faoi Reacht na Róimhe agus bealaí eile a chuardach chun cuidiú leis an gCúirt, ag féachaint freisin ar chomhaontuithe deonacha comhair a thabhairt i gcrích. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá dlúthchomhar idir na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear an Chomhairle Slándála, agus an Chúirt.

11. Meabhraíonn an Chomhairle gur cúirt de rogha dheiridh í an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, nach ngabhann ionad na gcúirteanna náisiúnta ach a chomhlánaíonn iad. Dá bhrí sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá comhlántacht agus comhar idir dlínsí náisiúnta agus an Chúirt mar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de Reacht na Róimhe agus tá sí tiomanta do neartú na gcóras dlí náisiúnta a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí comhlántachta atá déanta ag Oifig an Ionchúisitheora agus leagann sí béim ar luach fadtéarmach na n-iarrachtaí náisiúnta maidir leis an tsaoirse ó phionós a chomhrac i gcás na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí.

12. Cuireann an Chomhairle i bhfáth an gá leis an gCúirt a phríomhshruthú a thuilleadh ar fud réimsí beartais inmheánacha agus seachtracha an Aontais, chun comhleanúnachas a áirithiú agus go mbeadh sí ina chuid lárnach den phlé maidir le dlí daonnúil idirnáisiúnta, cearta an duine, cothú na síochána agus réiteach coinbhleachtaí, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta tacaíocht taidhleoireachta sheasta a thabhairt don Chúirt chun a áirithiú gur féidir léi a sainordú a chur i gcrích go héifeachtach.

13. Molann an Chomhairle d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tograí a thíolacadh maidir le céimeanna breise a d'fhéadfaí a thabhairt maidir le conas a d'fhéadfadh an tAontas feabhas breise a chur ar a chumais agus a struchtúir chun infheictheacht agus comhchuibheas ghníomhaíocht an Aontais maidir leis an gceartas coiriúil idirnáisiúnta agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a neartú.

14. Measann an Chomhairle gur deis é comóradh 20 bliain ó glacadh Reacht na Róimhe dul chun cinn a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne saoirse ó phionós do na coireanna is tromchúisí atá ina n-ábhar imní idirnáisiúnta agus tacú leis an smacht reachta. Molann sí na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Stáit is Páirtithe an ócáid seo a chomóradh le himeachtaí éagsúla atá á reáchtáil ar fud na cruinne mar cheiliúradh ar an dul chun cinn sa cheartas coiriúil idirnáisiúnta agus molann sí don Aontas gona Bhallstáit leanúint le feasacht ar an gCúirt agus ar Reacht na Róimhe a chur chun cinn, go háirithe i measc daoine óga.